Stailceanna Bhus Éireann

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi stailceanna atá ar siúl ar fud na tíre. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos?

- *on strike, striking*
- *agreement from the team*
- *submit a ballot*
- *dispute*
- *depending on the service*
- *crowded, packed*
- *demand*
- *behind me*
- *private company*
- *voluntary redundancy scheme*
- *insolvency*
- *compulsory redundancy*

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé atá ar stailc?
2. Conas atá an stailc ag cur isteach ar mhuintir na tíre?
3. Cén bhaint atá ag na comhlachtaí príobháideacha bus leis an scéal?
4. Cad a deir stiúrthóirí an chomhlachta faoin stailc?

Ceist 3 *An t-ainmfhocal + an t-alt*

A. Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail seo a leanas.

- achrann
- seirbhís
- traein
- urlár

Féach ar an mír le feiceáil an raibh an ceart agat.

B. Féach ar an tábla ar an gcéad leathanach eile, a léiríonn na hathruithe tosaigh a chuirtear i bhfeidhm ar ainmfhocail bhaininscneacha agus fhirinscneacha tar éis an ailt.

	a thosaíonn le consan	**a thosaíonn le *d* nó *t***	**a thosaíonn le *s***	**a thosaíonn le guta**
Ainmfhocail bhaininscneacha	an chaint an bhean	an traein an dánlann	an tseirbhís an tsráid	an aois an aisling
Ainmfhocail fhirinscneacha	an bád an cóta	an duine an teach	an sampla an siopa	an t-urlár an t-achrann

C. Anois, cuir an t-alt roimh na hainmfhocail thíos, a bhí le cloisteáil sa mhír, agus cuir sna boscaí cearta sa tábla iad.

lá, stailc, oibrí, comhlacht, cathair, scéal, fostaí, tír, mac léinn, éileamh, ollscoil, urlabhraí, bliain, foireann, airgead, iomarcaíocht

Ceist 4 '…ar fud na sé ghréasán…'

Féach ar na samplaí seo ar fad:

ar fud an aon ghréasáin
ar fud an dá ghréasán
ar fud na dtrí ghréasán
ar fud na gceithre ghréasán
ar fud na gcúig ghréasán
ar fud na sé ghréasán
ar fud na seacht ngréasán
ar fud na n-ocht ngréasán
ar fud na naoi ngréasán
ar fud na ndeich ngréasán

Agus:

luach na haon fhuinneoige
luach an dá fhuinneog
luach na dtrí fhuinneog
luach na gceithre fhuinneog
luach na gcúig fhuinneog
luach na sé fhuinneog
luach na seacht bhfuinneog
luach na n-ocht bhfuinneog
luach na naoi bhfuinneog
luach na ndeich bhfuinneog

Anois, cuir Gaeilge ar na habairtí thíos:

1. He measured the four boats' sails.
2. She's the owner of the two houses.
3. The three books' stories are similar.
4. He was sick throughout the seven nights of his holidays.
5. The beauty of the ten hills.

Ceist 5 Bhí iolra na bhfocal seo le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

- oibrí
- stiúrthóir
- fostaí
- scrúdú
- athrú
- beartas
- ceardchumann

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An ndeachaigh tú féin i mbun stailce riamh? Cén fáth?
2. An éiríonn le stailceanna coinníollacha oibre a athrú, dar leat?
3. An aontaíonn tú le coincheap na stailce go ginearálta? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis do na foghlaimeoirí féachaint ar an mír uair amháin.

on strike, striking – i mbun stailce
agreement from the team – comhaontú ón bhfoireann
submit a ballot – ballóid a chur faoi bhráid
dispute – achrann
depending on the service – ag brath ar an tseirbhís
crowded, packed – plódaithe
demand – éileamh
behind me – taobh thiar díom
private company – comhlacht príobháideach
voluntary redundancy scheme – scéim iomarcaíochta deonaí
insolvency – dócmhainneacht
compulsory redundancy – iomarcaíocht éigeantach

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
A.
- an t-achrann
- an tseirbhís
- an traein
- an t-urlár

B.

	a thosaíonn le consan	**a thosaíonn le *d* nó *t***	**a thosaíonn le *s***	**a thosaíonn le guta**
Ainmfhocail bhaininscneacha	an chaint an bhean *an chathair* *an bhliain* *an fhoireann*	an traein an dánlann *an tír*	an tseirbhís an tsráid *an stailc*	an aois an aisling *an ollscoil* *an iomarcaíocht*
Ainmfhocail fhirinscneacha	an bád an cóta *an lá* *an comhlacht* *an fostaí* *an mac léinn*	an duine an teach	an sampla an siopa *an scéal*	an t-urlár an t-achrann *an t-oibrí* *an t-éileamh* *an t-urlabhraí* *an t-airgead*

Ceist 4
1. Thomhais sé seoltaí na gceithre bhád.
2. Is í úinéir an dá theach í.
3. Tá scéalta na dtrí leabhar cosúil lena chéile.
4. Bhí sé tinn le linn na seacht n-oíche dá laethanta saoire.
5. Áilleacht na ndeich gcnoc.

Ceist 5
oibrithe
stiúrthóirí
fostaithe
scrúduithe
athruithe
beartais
ceardchumainn

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Ceithre lá anois atá oibrithe Bhus Éireann i mbun stailce, agus dúirt bord an chomhlachta go bhfuil an-imní orthu go bhfuil siad ag cailleadh airgid, lá i ndiaidh lae. Ní raibh stiúrthóirí in ann buiséad na bliana seo a cheadú gan comhaontú ón bhfoireann oibre. Tuairiscítear tráthnóna go bhfuil SIPTU le ballóid a chur faoi bhráid a gcuid ball i mBus Átha Cliath agus in Iarnród Éireann, faoi dhul ar stailc chomh maith.

Eibhlín Ní Choistealbha
Fós i mbun picéid, seo mar a bhí i gCathair na Gaillimhe inniu agus fostaithe Bhus Éireann fós i mbun stailce don gceathrú[1] lá as a chéile. Bhí an scéal amhlaidh ar fud na tíre agus tuairim is 2,600 fostaí ar fad i mbun stailce. Tá an t-achrann ag cur isteach ar go leor atá ag brath ar an tseirbhís, go háirithe an-chuid mac léinn, ina measc Sionainn Ní Ghréacháin, as Cathair Luimnigh:

Sionainn Ní Ghréacháin, Mac Léinn OÉ Gaillimh
Ní rabhas[2] in ann filleadh abhaile Dé hAoine, mar nach raibh an tseirbhís traenach fiú ar fáil. Nuair a fuaireas[3] an traein Dé Sathairn, bhí an t-urlár plódaithe le daoine, bhí daoine ag suí thart air mar nach raibh go leor suíochán ann. *So*, is léir nach bhfuil an tseirbhís traenach in ann, cineál, freastal ar an éileamh atá ar na traenacha anois faoi láthair.

Clíodhna Nic Giolla Chomhaill, Comhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh
Seo am na scrúduithe agus nuair nach bhfuil a fhios agat an mbeidh bus ann oíche Dé Domhnaigh nó maidin Dé Luain, nó pé am atá i gceist filleadh ar an ollscoil, tá sin deacair. Níl sin maith go leor do na mic léinn.

Eibhlín Ní Choistealbha
Dúirt urlabhraí ón gcomhlacht bus príobháideach *Citylink* a bhíonn ag feidhmiú as an stáisiún seo taobh thiar díom i gCathair na Gaillimhe, go raibh orthu suas le 30 seirbhís bhreise a chur ar fáil ar fud na sé ghréasán atá acu, chun freastal ar an éileamh breise atá ann ó Dé hAoine de bharr na stailce. Dúirt *GoBus*, comhlacht príobháideach eile, go raibh orthu sin suas le cúig bhus breise a chur chun bóthair Dé hAoine agus inné.

Tráthnóna, dúirt Bus Éireann nach rabhthas in ann cuntais[4] airgeadais 2016 an chomhlachta a thabhairt chun críche ná buiséad na bliana seo a aontú gan comhaontú ón bhfoireann oibre. Maíonn siad nach mbeifear in ann scéim iomarcaíochta deonaí a mhaoiniú mura ndéanfar athruithe ar chleachtais oibre chun airgead a shábháil, agus deir nach mbeidh aon rogha eile acu ach féachaint ar bheartais eile chun dócmhainneacht an chomhlachta a sheachaint. Tá foláireamh tugtha ag na ceardchumainn: má théitear i muinín iomarcaíocht éigeantach, nach féidir a rá nach rachaidh oibrithe Iarnród Éireann agus Bhus Átha Cliath ar stailc chomh maith.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 sa Ghaillimh.

[1] Córas a úsáidtear i gceantair áirithe i gCúige Mumhan
[2] *ní raibh mé* an leagan caighdeánach
[3] *fuair mé* an leagan caighdeánach
[4] *cuntaisí* a deirtear